Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12943/23

LIMITE

COSI 149
JAIEX 54
CORDROGUE 83
CT 142
COPS 443
CRIMORG 116
IXIM 173
ENFOPOL 385
ENFOCUSTOM 100
CYBER 213
JAI 1149

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dréacht-Tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta maidir le himeachtaí an Bhuanchoiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI) don tréimhse ó mhí Eanáir 2022 go mí an Mheithimh 2023 |

I gcomhréir le hAirteagal 71 CFAE agus le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2010/131/AE ón gComhairle lena mbunaítear an Buanchoiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI), cuirfidh an Chomhairle imeachtaí COSI in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus do na Parlaimintí náisiúnta.

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo dréacht-tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta maidir le himeachtaí COSI don tréimhse ó mhí Eanáir 2022 go mí an Mheithimh 2023.

Iarrtar ar na toscaireachtaí a mbarúlacha i scríbhinn maidir leis an dréacht-tuarascáil a chur ar fáil do cosi.UE2023ES@reper.maec.es, leis an seoladh cosi@consilium.europa.eu i gcóip faoin 22 Meán Fómhair 2023.

Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht formhuiniú a iarraidh ar COSI ag an gcruinniú a bheidh aici an 5 Deireadh Fómhair 2023.

**Dréacht-Tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta maidir le himeachtaí an Bhuanchoiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI) don tréimhse ó mhí Eanáir 2022 go mí an Mheithimh 2023**

PUBLIC

## Clár na nÁbhar


1. **ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN**

2. **IMPLEACHTAÍ SLÁNDÁLA INMHEÁNAÍ CHOGADH FOGHACH NA RÚISE I gCOINNE NA hÚCRÁINE**

    1. Slógadh EMPACT
    2. Léargas ar an mbagairt
    3. Idirphlé leis an Úcráin maidir leis an tslándáil inmheánach
    4. Smachtbhannaí a fhorchur

3. **FORBAIRTÍ TEICNEOLAÍOCHTA**

    1. Grúpa ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí
    2. Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tslándáil inmheánach
    3. Comhaid dhigiteacha

**4. COIREACHT THROMCHÚISEACH AGUS EAGRAITHE A CHOMHRAC**

1. EMPACT
2. Gáinneáil ar dhrugaí
3. Gáinneáil ar earraí cultúrtha
4. Dúshláin slándála inmheánaí a bhaineann leis an imirce

**5. FRITHSCEIMHLITHEOIREACHT**

1. Measúnuithe ar bhagairtí sceimhlitheoireachta
2. Trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta agus Córas Faisnéise Schengen
3. An radacú a chomhrac

**6. AN NASC IDIR AN tSLÁNDÁIL INMHEÁNACH/SHEACHTRACH A NEARTÚ**

1. Comhar CGB/CBSC a chur ar bhonn foirmiúil
2. An comhar le tíortha nach baill de chuid an Aontais iad agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

**7. GNÍOMHAIREACHTAÍ CGB A CHOMHORDÚ**

1. Líonra Gníomhaireachtaí CGB
2. Gníomhaíochtaí aonair ghníomhaireachtaí CGB

PUBLIC

# 1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Bunaíodh an Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) dá bhforáiltear in Airteagal 71 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i dtionól na Comhairle in 2010[1] chun comhordú ghníomhaíochtaí oibríochtúla údaráis na mBallstát atá inniúil i réimse na slándála inmheánaí a éascú, a chur chun cinn agus a neartú. Faoi fhoireann trí Uachtaránacht Phoblacht na Seice, na Fraince agus na Sualainne, lean COSI dá shainordú a chomhlíonadh mar chomhlacht faireacháin, comhairleach agus cinnteoireachta, comhdhéanta d'ionadaithe sinsearacha agus saineolaithe ó Bhallstáit uile an Aontais, an Coimisiún agus, i gcás inar gá, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus gníomhaireachtaí ábhartha Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB), a chruthaíonn sineirgí idir póilíní, custaim, gardaí teorann agus údaráis bhreithiúnacha chomh maith le gníomhaithe ábhartha eile. Imríonn COSI ról suntasach ag an gcomhéadan idir an leibhéal straitéiseach agus an leibhéal oibríochtúil chun comhleanúnachas a áirithiú idir moltaí straitéiseacha agus gníomhaíocht oibríochtúil, agus rannchuidíonn ar an gcaoi sin le cur chun feidhme na Straitéise um an Aontas Slándála[2]. Tá ábhair slándála inmheánaí á n-ullmhú ag COSI lena mbreithniú ag foirmíocht CGB na Comhairle, agus obair struchtúr eile de chuid na Comhairle á cur san áireamh aige. Cé go dtagann COSI le chéile faoi dhó gach seimeastar le haghaidh cruinnithe foirmiúla agus uair amháin gach seimeastar le haghaidh cruinniú neamhfhoirmiúil, tá Grúpa Tacaíochta COSI ann chun an plé a ullmhú do COSI agus chun a chuid oibre a éascú ar an leibhéal teicniúil.

[1] 16515/09
[2] 10010/20



PUBLIC

Le linn na tréimhse tuairiscithe ó mhí Eanáir 2022 go mí an Mheithimh 2023, dhéileáil COSI mar ábhar tosaíochta le himpleachtaí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Leanadh den obair ar fhorbairtí teicneolaíocha, lena n-áirítear trí Mhol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tSlándáil Inmheánach, agus dá thoradh sin bunaíodh Grúpa Ardleibhéil um rochtain ar shonraí ar mhaithe le forfheidhmiú éifeachtach an dlí. I réimse na coireachta tromchúisí eagraithe, tá tús curtha le timthriall nua 2022-2025 an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) faoi threoir straitéiseach COSI le deich dtosaíocht den Aontas maidir le coireacht a ndeachthas i ngleic léi trí 15 phlean gníomhaíochta oibriúcháin (OAPanna). Le linn na tréimhse tuairiscithe, thug COSI aird ar leith ar chomhrac na gáinneála ar dhrugaí aindleathacha. Lean COSI d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht trí mholtaí tráthrialta a eisiúint bunaithe ar an éabhlóid atá ag teacht ar an mbagairt, agus trí aird ar leith a dhíriú ar an radacú mar ábhar. Réimse mór eile oibre ar tugadh aghaidh air is ea an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach, lena n-áirítear trí chruinnithe comhpháirteacha leis an gCoiste Polaitiúil agus Slándála (PSC), inar pléadh chomhshocrú nua maidir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) agus an misean sibhialtach sa Mholdóiv. Ar deireadh, rinne COSI faireachán ar ghníomhaíochtaí ghníomhaireachtaí CGB agus a líonra, ag cabhrú le sineirgí a chruthú agus ag rannchuidiú le comhleanúnachas a gcuid oibre a áirithiú.

PUBLIC

## 2. IMPLEACHTAÍ SLÁNDÁLA INMHEÁNAÍ CHOGADH FOGHACH NA RÚISE I gCOINNE NA hÚCRÁINE

PUBLIC

B'ábhar mór imní do COSI i rith thréimhse na foirne trí Uachtaránacht ar fad cogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ós rud é go bhféadfadh an cogadh bagairtí slándála inmheánaí nua ar an Aontas a chothú agus na bagairtí atá ann cheana a ghéarú.

### 2.1 Slógadh EMPACT

I mí an Mhárta 2022, iarradh ar na Ballstáit EMPACT a shlógadh chun comhar oibríochtúil a éascú chun na bagairtí a ghabhann leis an gcogadh a chomhrac. Tacaíodh leis an togra ó Uachtaránacht na Fraince agus ón gCoimisiún Eorpach ag an gcruinniú urghnách den Chomhairle an 28 Márta, inar tugadh isteach 'nós imeachta mear' chun OAPanna EMPACT atá ann cheana a oiriúnú nuair is gá, chun an léargas faisnéise a neartú agus faireachán a dhéanamh ar an staid atá ag teacht chun cinn agus ar na freagairtí oibríochtúla gaolmhara. I measc na n-athruithe a mhol lucht stiúrtha na OAPanna agus lenar chomhaontaigh COSI, cruthaíodh gníomhaíochtaí oibríochtúla nua a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine, líonraí coiriúla ardriosca, drugaí sintéiseacha agus airgeadas coiriúil, sciúradh airgid agus aisghabháil sócmhainní.

### 2.2 Léargas ar an mbagairt

I gcaitheamh an chogaidh, tugadh COSI cothrom le dáta go tráthrialta maidir leis na bagairtí atá ag teacht chun cinn. I mí Aibreáin 2022, thug Europol agus Frontex cuntas ar na príomhbhagairtí slándála, a thagann faoina sainchúram, a eascraíonn as an gcogadh, agus chuir Uachtaránacht na Fraince measúnú domhanda comhlántach i láthair ar na bagairtí coiriúla i gcomhthéacs an chogaidh, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar earraí cultúrtha, gáinneáil ar airm thine, cibearbhagairtí agus scaipeadh bréagaisnéise, athghníomhachtú líonraí coiriúla, trodaithe eachtracha antoisceacha foréigneacha ar an dá thaobh den choinbhleacht, agus bagairtí ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Moladh do na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile a chomhroinnt chun ligean do ghníomhaireachtaí CGB, lena n-áirítear Europol, Eurojust agus Frontex, faireachán agus measúnú cuí a dhéanamh ar an staid.

Le linn chruinniú COSI i mí Mheán Fómhair 2022, thug an Coiste dá aire páipéar comhpháirteach Líonra Ghníomhaireachtaí CGB maidir lena rannchuidiú le dlúthpháirtíocht an Aontais leis an Úcráin[3]. I mí na Bealtaine 2023, thug COSI dá aire tuarascáil mheasúnachta Europol, inar tugadh le fios go bhfuil méadú ag teacht ar chibirionsaithe agus ar ghníomhaíochtaí sciúrtha airgid mar thoradh ar an gcogadh. Tá na Ballstáit fós ag cur in iúl go bhfuil imní orthu faoin mbaol sa mheántéarma agus san fhadtéarma go mbeidh gáinneáil á déanamh ar airm thine. Dá bhrí sin, tá sé fós ina thosaíocht ag COSI faireachán a dhéanamh ar athruithe oibríochtúla agus ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

PUBLIC

### 2.3 Idirphlé leis an Úcráin maidir leis an tslándáil inmheánach

Luadh ag cruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí Gnóthaí Baile i mí Iúil 2022 go bhfuil gá le hidirphlé struchtúrtha le húdaráis na hÚcráine chun dlús a chur leis an gcomhar oibríochtúil, agus dearbhaíodh an méid sin ag cruinniú neamhfhoirmiúil COSI faoi Uachtaránacht na Seice i mí Iúil 2022. Sainaithníodh malartú faisnéise i ndáil le hoibriú an chórais rialaithe arm tine, córas cosanta foriomlán don bhonneagar criticiúil a bhunú, agus slándáil teorann mar réimsí tosaíochta comhair leis an Úcráin.

I mí na Samhna 2022, tar éis cruinniú le hAireacht Gnóthaí Baile na hÚcráine, Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh (EU CTC), chuir an Coimisiún, SEGS, Europol agus Frontex COSI ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí i ndáil leis an idirphlé maidir leis an tslándáil inmheánach leis an Úcráin. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an achoimre ar an idirphlé struchtúrtha leis an Úcráin agus an tábla gníomhaíochta mionsonraithe a d'ullmhaigh an Uachtaránacht maidir le himpleachtaí slándála inmheánaí an chogaidh mar uirlis phraiticiúil chun obair leantach a éascú maidir leis na sraitheanna oibre a tugadh cothrom le dáta do chruinniú COSI i mí na Bealtaine 2023.

I mí Feabhra 2023, tugadh COSI cothrom le dáta maidir leis an mbagairt sceimhlitheoireachta féideartha, dírithe ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as saorálaithe eachtracha a bheith ag filleadh. I mí na Bealtaine 2023, thug COSI dá aire na forbairtí, lena n-áirítear an liosta gníomhaíochtaí chun cur i gcoinne atreorú arm tine agus mionarm agus arm éadrom eile i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a d'ullmhaigh an Coimisiún agus SEGS go comhpháirteach, lena n-áirítear an fhaisnéis a thugtar go tráthrialta do Europol maidir le hairm thine a cailleadh agus a goideadh san Úcráin. Ina theannta sin, tugadh céim mhór chun cinn nuair a tugadh rochtain do Europol ar bhunachar sonraí iArms Interpol.

Déanfaidh COSI faireachán leanúnach ar fhorbairtí san idirphlé maidir leis an tslándáil inmheánach leis an Úcráin agus ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir leis na gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme.

[3] 8065/23, 11905/1/22

### 2.4 Smachtbhannaí a fhorchur

Tá béim leagtha ag COSI faoi Uachtaránacht na Seice ar an mbaol go bhféadfadh an Rúis agus an Bhealarúis teacht timpeall ar smachtbhannaí agus gur gá pionóis éifeachtacha a fhorchur. B'ábhar imní é an baol nach ndéanfaí na smachtbhannaí a fhorfheidhmiú go comhleanúnach ar fud na mBallstát i bhfianaise inniúlachtaí éagsúla na n-údarás náisiúnta agus an riosca go ndéanfaí na smachtbhannaí a léiriú ar bhealaí éagsúla. Ba dhíol sásaimh do COSI an togra ón gCoimisiún maidir le sárú ar smachtbhannaí a chur le liosta coireanna an Aontais faoi Airteagal 83 CFAE[4].

Ba dhíol sásaimh do COSI rannchuidiú Europol trí oibríocht OSCAR (le tacaíocht ó chomhphobal EMPACT trí ghníomhaíocht oibríochtúil an OAP i dtaca le hairgeadas coiriúil, sciúradh airgid agus aisghabháil sócmhainní), lena dtacaítear le himscrúduithe airgeadais a dhéanann na Ballstáit atá dírithe ar shócmhainní coiriúla faoi úinéireacht daoine aonair agus eintiteas dlíthiúil ar cuireadh smachtbhannaí orthu i ndáil le hionradh na Rúise ar an Úcráin. Phléigh COSI freisin an bhféadfadh Europol rannchuidiú le hanailís ar threochtaí agus ar phatrúin bhaineann le teacht timpeall ar smachtbhannaí, lena n-áirítear faisnéis a mhalartú leis an earnáil phríobháideach. Chuir na Ballstáit in iúl go mba dhíol sásaimh dóibh é dá ndéanfaí mapáil ar thionscnaimh/fóraim/cruinnithe éagsúla a bhaineann le forfheidhmiú smachtbhannaí ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear líonra comhair a bhunú idir údaráis inniúla forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha.

[4] 9641/22

PUBLIC

## 3. FORBAIRTÍ TEICNEOLAÍOCHTA

Is téama trasghearrtha ar chlár oibre COSI iad na dúshláin atá roimh an tslándáil inmheánach i ndomhan atá ag éirí níos spleáiche de réir a chéile ó thaobh na teicneolaíochta agus cúrsaí digiteacha de.

### 3.1 Rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí

Cuid lárnach den obair maidir le forfheidhmiú an dlí is ea an fhaisnéis ábhartha a choinneáil agus rochtain a fháil uirthi, í a anailísiú agus gníomhú dá réir laistigh de chumhachtaí arna bhforordú go dlíthiúil agus i gcomhréir le cearta bunúsacha. Cuireann coirpigh leis an obair sin trí bheith ag saothrú na bhforbairtí teicneolaíochta, mar a léirítear leis na hoibríochtaí i gcoinne EncroChat agus SkyEcc. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh sé de chumas ag na córais ceartais choiriúil agus ag na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí i dtimpeallacht dhigiteach ar aon dul leis an gcaoi a ndéantar sin as líne.

Le linn Uachtaránacht na Fraince, d'eagraigh Aireacht Gnóthaí Baile na Fraince imeacht maidir le rochtain ar shonraí, a bhí ar siúl i bPáras an 21 Aibreán 2022 (an chéad eagrán den 'Forum des îles'). Ba é aidhm an tsiompóisiam sin aghaidh a thabhairt, ar bhealach oscailte agus i gcomhar leis na geallsealbhóirí uile lena mbaineann (údaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha, FPEnna, giúistísí, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, etc.), ar shaincheist na rochtana ar shonraí arna déanamh ag póilíní agus ag údaráis bhreithiúnacha i gcomhthéacs chlaochlú digiteach na sochaí. Leag an siompóisiam béim ar an dúshlán atá ann do na húdaráis bheith cothrom le dáta agus freagairtí éifeachtacha ar líne a bhrostú agus a sholáthar, ar an ngéarghá atá ann go mbeadh tuilleadh deimhneacht dlíthiúil ag geallsealbhóirí agus go gcuirfí creat in oiriúint d'fhorbairtí teicneolaíochta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, ar an deacracht a bhaineann le hanailís a dhéanamh ar mhórshonraí ar leibhéal na mBallstát, agus ar an ngá atá le cultúr coiteann póilíneachta Eorpach a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin ar bhealach éifeachtach. Léiríodh sa phlé freisin go bhféadfaí idirphlé a dhéanamh, a rachadh thar an bplé ar na difríochtaí maidir le cur chuige, agus gur cuspóir comhroinnte é cearta bunúsacha a chosaint. D'aontaigh na rannphairtithe go raibh an creat plé neamhfhoirmiúil oscailte sin ríthábhachtach chun muinín a chothú an athuair idir geallsealbhóirí agus chun comhdhearcadh Eorpach a fhorbairt maidir le rochtain ar shonraí. Ag tógáil ar an bplé sin, d'eagraigh Uachtaránacht na Sualainne an dara heagrán den fhóram neamhfhoirmiúil sin in Balsta an 27 Aibreán 2023.

PUBLIC

Thairis sin, sheol Uachtaránacht na Sualainne díospóireacht maidir leis na dúshláin a bhaineann le rochtain ar shonraí digiteacha chun an choireacht a chomhrac ag cruinniú neamhfhoirmiúil airí CGB an 26 Eanáir 2023. Leis an tionscnamh 'Going Dark', féachtar leis an méid a leanas a dhéanamh: tacú leis an smacht reachta trí aghaidh a thabhairt ar an dúshlán méadaitheach atá ann do ghníomhaireachtaí breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí (maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar fhianaise sa chumarsáid chriptithe, mar shampla), comhar idirnáisiúnta a fheabhsú chun a áirithiú gur féidir rochtain dhleathach a thabhairt ar fhianaise i gcás chineál trasteorann na seirbhísí digiteacha, creat soiléir a fhorbairt maidir le coinneáil sonraí, ionstraimí agus modhanna éifeachtacha a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar luaineacht na faisnéise leictreonaí, agus aghaidh a thabhairt ar ábhair imní dlínse a eascraíonn as cailliúint suímh.

PUBLIC

Le linn Chomhairle neamhfhoirmiúla CGB i mí Eanáir 2023, phléigh na hairí an gá atá le fóram tiomnaithe a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhéadaitheacha roimh fhorfheidhmiú an dlí chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, agus chuir siad de chúram ar COSI tograí nithiúla a sholáthar. D'ullmhaigh Uachtaránacht na Sualainne togra chun Grúpa Ardleibhéil a chruthú a mbeadh an Uachtaránacht agus an Coimisiún ina gcomhchathaoirligh air, lena n-áirítear páipéar ullmhúcháin ina sainítear a thuilleadh sainordú an ghrúpa sin[5] lena phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil COSI an 30-31 Márta. Tar éis don Choimisiún a chinneadh go foirmiúil an Grúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtacha bhunú, tionóladh a chéad chruinniú iomlánach an 19 Meitheamh 2023. Táthar ag súil go dtabharfaidh an grúpa a chuid oibre chun críche faoi lár-2024.

### 3.2 Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tslándáil inmheánach

Is líonra comhoibríoch é Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach faoi threoir straitéiseach COSI, a oibríonn chun tionscnaimh nuálaíochta a chomhordú i measc ghníomhaireachtaí CGB agus réitigh éifeachtacha a scaipeadh chun tacú le hobair na ngníomhaithe slándála inmheánaí san Aontas agus sna Ballstáit. Ó bunaíodh é, rinne COSI faireachán ar dhul chun cinn an Mhoil, ag fáil nuashonruithe rialta ó chomhchathaoirligh Ghrúpa Stiúrtha an Mhoil agus na ngníomhaireachtaí CGB a bhfuil baint acu lena ghníomhaíochtaí, agus ag cur fóram ar fáil do na Ballstáit chun a gcuid smaointe maidir leis an Mol a chomhroinnt.

[5] 8281/23

I mí Mheán Fómhair 2022, chuir comhchathaoirligh Ghrúpa Stiúrtha an Mhoil Tuarascáil Bhliantúil 2021 i láthair, inar leagadh béim ar an méid a baineadh amach i dtaca le tosaíochtaí COSI mar shampla an faireachán ar an idirlíon dorcha, an intleacht shaorga (IS) agus an cripitiú. Chuir Europol torthaí Imeacht Bhliantúil 2022 an Mhoil i láthair. An mhapáil ar an bpictiúr coiteann nuálaíochta a chuir an Mol féin ar fáil, cuireadh faoi bhráid COSI í ag an gcruinniú a bhí aige i mí na Samhna 2022.

I mí Feabhra 2023, thug COSI dá aire Tuarascáil Bhliantúil 2022 agus pleanáil ilbhliantúil ghníomhaíochtaí 2023-2026 an Mhoil Nuálaíochta agus dheimhnigh sé na tosaíochtaí a sainaithníodh. Iarradh ar an gCoimisiún tuilleadh faisnéise a chur i láthair maidir leis na cistí de chuid an Aontais atá ar fáil don taighde agus don nuálaíocht. Moladh do na Ballstáit tionscadail ábhartha a thabhairt faoi scáth an Mhoil. Iarradh ar ghníomhaireachtaí CGB breathnú ar chistí a chur ar leataobh don Mhol ina ngníomhaíochtaí clársceidealaithe buiséid in 2024 agus ina dhiaidh sin. I mí na Bealtaine 2023, d’fhormhuinigh COSI comhdhéanamh nua Ghrúpa Stiúrtha an Mhoil, a mbeidh an Spáinn agus an Ungáir ina gcomhchathaoirligh air, in éineacht leis an gCoimisiún, ar feadh naoi mí as a chéile.

Tá sé ráite arís agus arís eile ag COSI a thábhachtaí atá sé na Ballstáit a bheith rannpháirteach sa Mhol. Tá rannchuidiú chleachtóirí na mBallstát ríthábhachtach chun tosaíochtaí an Mhoil a shainaithint go rathúil, chun maoiniú níos cobhsaí a áirithiú dá ghníomhaíochtaí, agus chun acmhainní foirne a ráthú, go príomha trí bhaill foirne a fháil ar iasacht.

### 3.3 Comhaid dhigiteacha

Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar iomadú na mbeartas digiteach ar fud earnálacha éagsúla agus na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith acu sin ar an tslándáil inmheánach, is díol spéise do COSI stádas roinnt comhad digiteach cothrománach atá á gcaibidliú laistigh agus lasmuigh d’earnáil CGB.

Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag COSI i mí Iúil 2022, d’eagraigh Uachtaránacht na Seice seisiún oibre maidir le teicneolaíochtaí chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, idir nua agus aitheanta, agus grúmaeireacht a bhrath i gcumarsáid neamhchriptithe agus chriptithe. Leag na Ballstáit béim ar a thábhachtaí atá comhrac na mí-úsáide gnéasaí leanaí, agus cineál fite fuaite na timpeallachta ar líne agus as líne.

Ag an gcruinniú a bhí ag COSI i mí na Samhna 2022, thug Uachtaránacht na Seice forléargas mionsonraithe ar staid na himeartha maidir le comhaid dhigiteacha. Chuir an Uachtaránacht na toscaireachtaí ar an eolas freisin faoi thorthaí chomhdháil na hUachtaránachta maidir le gné ar líne na frithsceimhlitheoireachta, comhdháil a bhí ar siúl an 15-16 Meán Fómhair 2022 i bPrág, agus go gcuirfear na dréachtchonclúidí maidir leis an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Limistéar Eorpach Eolaíochta Fóiréinsí 2.0 faoi bhráid na Comhairle lena bhformheas[6].

Bhí nuashonruithe rialta maidir le stádas na gcomhad digiteach á bhfáil ag COSI go leanúnach faoi Uachtaránacht na Sualainne. Le linn chruinniú COSI i mí Feabhra 2023, leag an Uachtaránacht béim ar an ngá go ndéanfadh na Ballstáit a seasaimh slándála inmheánaí a chomhdhlúthú laistigh de chomhlachtaí ullmhúcháin eile de chuid na Comhairle, e.g. éisteacht a thabhairt do ghuth phobail CGB sa phlé atáthar a dhéanamh faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga sa Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tsochaí faisnéise agus chuir sí béim ar a thábhachtaí atá sé gur fearr a chomhtháthófar cúrsaí slándála inmheánaí sa chreat rialála foriomlán.

Leanadh den phlé ag cruinniú COSI i mí na Bealtaine 2023 nuair a rinne EUROPOL cur i láthair maidir leis an intleacht shaorga ó thaobh fhorfheidhmiú an dlí de, inar díríodh ar an timpeallacht bosca gainimh atá cruthaithe acu uirlisí intleachta saorga a thraenáil, a fhorbairt agus a bhailíochtú, na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann le húsáid ChatGPT agus samhlacha móra teanga eile[7], agus ar sheoladh na bprionsabal cuntasachta le haghaidh IS (creat AP4AI)[8]. Thacaigh na Ballstáit le cruthú na timpeallachta bosca gainimh, agus léirigh siad ag an am céanna gur gá cur chuige straitéiseach comhchoiteann a bheith sa réimse sin.

6 7152/23
7 8535/23
8 https://www.ap4ai.eu

# 4. COIREACHT THROMCHÚISEACH AGUS EAGRAITHE A CHOMHRAC

## 4.1 EMPACT

Téann an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gcoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) i ngleic leis na bagairtí is tábhachtaí a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe thromchúiseach a bhfuil tionchar aici ar an Aontas Eorpach. Le EMPACT, neartaítear comhar straitéiseach agus oibríochtúil i measc údaráis náisiúnta, institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Is i dtimthriallta ceithre bliana a fheidhmíonn EMPACT, ar ionstraim fhaisnéisbhunaithe ildisciplíneach í, lena ndírítear ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais maidir leis an gcoireacht. Forbraíonn EMPACT 15 phlean gníomhaíochta oibriúcháin leathbhliantúla, cuireann sé chun feidhme iad agus déanann sé faireachán orthu i gcomhréir le 10 dtosaíocht an Aontais maidir le coireacht: líonraí coiriúla ardriosca, cibirionsaithe, gáinneáil ar dhaoine, teacht i dtír gnéasach ar leanaí, smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhrugaí, calaois, coireacht eacnamaíoch agus airgeadais, coireacht maoine eagraithe, coireacht chomhshaoil, agus gáinneáil ar airm thine. Is de réir comhspriocanna cothrománacha straitéiseacha réamhchinntithe a thógtar na pleananna gníomhaíochta oibriúcháin.

In 2022, bhí EMPACT 10 mbliana ar an bhfód, ócáid a ndearna Uachtaránacht na Fraince comóradh uirthi ag lón oibre de chuid COSI. Mhol na Ballstáit EMPACT mar ionstraim éifeachtúil éifeachtach chun an choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach a chomhrac. Mhol siad a sholúbthacht agus d'iarr siad go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun a modheolaíocht a shimpliú. D'eagraigh foireann chomhordaithe EMPACT na Fraince seimineár chun comhtháthú níos fearr a bhaint amach i dtaca leis na comhspriocanna cothrománacha straitéiseacha i bpleananna gníomhaíochta oibriúcháin EMPACT. Ina theannta sin, mhéadaigh an Coimisiún Eorpach a ról tacaíochta i dtaca le EMPACT, go háirithe trí na straitéisí, na cláir oibre nó na pleananna gníomhaíochta ábhartha atá ag an Aontas le EMPACT a chur in iúl a thuilleadh agus trína thacaíocht airgeadais a mhéadú tríd an gCiste Slándála Inmheánaí.

Le linn Uachtaránacht na Seice, rinneadh athbhreithniú ar shásra tuairiscithe EMPACT chun an t-ualach riaracháin a bhaineann leis an tuairisciú a laghdú, chun bailiú sonraí a shruthlíniú, chun na príomhthorthaí a chuimsiú agus chun machnamh a dhéanamh ar na forbairtí is déanaí, mar shampla comhordaitheoirí a bhunú le haghaidh spriocanna straitéiseacha cothrománacha comhchoiteanna. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar an sásra chun pleananna gníomhaíochta oibriúcháin a chomhroinnt le tríú tíortha agus páirtithe ábhartha chun go léireofaí an spéis mhéadaitheach atá ag comhpháirtithe páirt a ghlacadh in EMPACT.

PUBLIC

Rinneadh athbhreithniú an 9 Márta 2023 ar Chonclúidí ón gComhairle maidir le buanleanúint le timthriall beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach: EMPACT 2022+[9] agus maidir le tosaíochtaí an Aontais a leagan síos do chomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe le haghaidh EMPACT 2022-2025[10] chun aghaidh a thabhairt ar an bhféidearthacht gníomhaíochtaí oibríochtúla nua a áireamh agus gníomhaíochtaí atá ann cheana a leasú i gcás staideanna agus bagairtí atá ag teacht chun cinn (mar shampla an cogadh san Úcráin nó COVID-19), agus chun gur féidir pleananna gníomhaíochta oibriúcháin débhliantúla a thabhairt isteach.

D'athbhreithnigh Uachtaránacht na Sualainne Téarmaí Tagartha EMPACT chun na hathruithe a rinneadh le déanaí in EMPACT a léiriú, mar shampla tabhairt isteach pleananna gníomhaíochta oibriúcháin débhliantúla ó 2024 ar aghaidh, Straitéis Chomhpháirteach Cumarsáide, an fhéidearthacht pleananna gníomhaíochta oibriúcháin a choigeartú i gcás éigeandála nó i gcás bagairtí, agus lena chois sin an téarmaíocht, agus róil agus freagrachtaí na ngníomhaithe éagsúla a shoiléiriú[11].

Ag an gcruinniú a bhí ag COSI i mí na Bealtaine 2023, rinne Uachtaránacht na Sualainne tagairt do thorthaí phleananna gníomhaíochta oibriúcháin 2022 EMPACT[12].

### 4.2 Gáinneáil ar dhrugaí

Tá impleachtaí tromchúiseacha ag an ngáinneáil ar dhrugaí do shlándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh agus do shláinte a chuid saoránach, agus tá struchtúir trasteorann forbartha ar fud na hEorpa ag na grúpaí coiriúla lena mbaineann, grúpaí a bhaineann leas as iompar muirí agus teicneolaíochtaí nuálacha chun drugaí aindleathacha a bhogadh agus a mhargú, gníomhaíochtaí a spreagann cineálacha eile coireachta. Thug an fhoireann Trí Uachtaránacht tosaíocht ar leith don gháinneáil ar dhrugaí, agus d'eagraigh siad plé téamach ar an ábhar.

Ag na cruinnithe a bhí ag COSI SG agus COSI i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2022, díríodh ar staid na himeartha maidir le gáinneáil ar dhrugaí san Eoraip. Sna rannchuidithe ón gCoimisiún agus ó ghníomhaireachtaí CGB, leagadh béim ar an tionscadal leanúnach chun faireachán a dhéanamh ar an idirlíon dorcha faoi Mhol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tSlándáil Inmheánach agus oibríochtaí ábhartha, mar shampla EncroChat. Chuir na Ballstáit in iúl go raibh imní orthu faoin dlús atá á chur le *uberisation* na ndrugaí, agus faoin ngá le haghaidh a thabhairt ar chriptea-airgeadraí ina leith sin, agus béim á leagan acu ar na téamaí athfhillteacha a bhaineann le forfheidhmiú an dlí sa timpeallacht dhigiteach.

9 7100/23
10 7101/23
11 8975/23
12 https://www.consilium.europa.eu/media/65450/2023_225_empact-factsheets-2022_web-final.pdf

I mí an Mhárta 2022, léirigh na hairí go raibh siad toilteanach an t-idirphlé le tríú tíortha agus le struchtúir réigiúnacha (idir an tAontas agus na Balcáin Thiar, idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach, etc.) a neartú, go háirithe trí thacú le bunú Choiste Mheiriceá Laidinigh um Shlándáil Inmheánach (CLASI) agus an tascfhórsa ar leith sa choiste sin i gcoinne drugaí támhshuanacha, atá tiomanta do chomhrac na gáinneála ar dhrugaí.

Ag cur leis an méid sin, i mí Aibreáin 2022, rinne na toscaireachtaí tuilleadh plé ar chomhrac na gáinneála ar dhrugaí. Rinne Frontex cur i láthair maidir le faireachas muirí agus rianú soithí i gcomhrac na ngníomhaíochtaí gáinneála ar dhrugaí. Rinne Uachtaránacht na Fraince machnamh ar an nasc idir gáinneáil ar dhrugaí agus an ghné airgeadais den gháinneáil sin agus mhol sí go gcruthófaí bunachar sonraí comhroinnte chun IBANanna na gcuntas bainc a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí coiriúla a stóráil.

Le linn chruinniú neamhfhoirmiúil COSI sa Fhrainc, ghlac na Ballstáit páirt i bplé oibríochtúil idirghníomhach ar na ceithre phríomhshruth oibre a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí, arna bhforbairt faoi Uachtaránacht na Fraince: an gháinneáil ar muir, an gháinneáil ar líne, urghabháil agus coigistiú sócmhainní coiriúla, agus comhar idirnáisiúnta. I bhfianaise Straitéis agus Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí 2021-2025[13], i mí na Bealtaine 2022, ullmhaíodh an 'Treochlár chun Gáinneáil ar Dhrugaí a Chomhrac' ina bhfuil tábla ina dtiomsaítear na torthaí agus na bearta oibríochtúla a sainaithníodh le linn Uachtaránacht na Fraince.

Leanadh den phlé ar ábhar na gáinneála ar dhrugaí le linn Uachtaránacht na Seice. Ag an gcruinniú a bhí ag COSI i mí Mheán Fómhair 2022, chuir Cathaoirleach na Meithle Cothrománaí um Dhrugaí (HDG) tosaíochtaí na hUachtaránachta i láthair, inar dírítear ar chur chuige atá bunaithe ar fhianaise agus ar chearta an duine agus ar ghnéithe sláinte agus coisc. Phléigh COSI dhá ábhar: an gháinneáil sa timpeallacht fhíorúil agus trí bheartáin phoist, chomh maith le treochtaí meitiolamfataimín nua san Eoraip.

I mí na Bealtaine 2023, chuir Uachtaránacht na Sualainne ar an gclár oibre gáinneáil mhórdhíola aindleathach drugaí agus réamhtheachtaithe drugaí a bhrath ag pointí teacht isteach agus imeachta an Aontais[14]. Bhí plé ann maidir leis an ngá atá le hiarrachtaí a dhíriú ar chalafoirt mhóra agus ar chalafoirt bheaga, ar líonraí coiriúla a bheith laistigh de chalafoirt agus ar an ngá atá le fostaithe a scagadh ag calafoirt, ar an mbagairt mhéadaitheach a bhaineann le calaois cóid PIN, agus ar an ngá atá le comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha le cuideachtaí cuain a fheabhsú. Le linn an chruinnithe sin, dúirt COSI gur dhíol sásaimh dó sainordú nuashonraithe an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) agus bunú Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh.

13 14178/20
14 8873/23



PUBLIC

### 4.3 Gáinneáil ar Earraí Cultúrtha

Bhí an gháinneáil ar earraí cultúrtha ar chlár oibre COSI chun feasacht a mhúscailt maidir le creachadh eagraithe, gáinneáil aindleathach, díol agus scriosadh na hoidhreachta cultúrtha de dheasca coinbhleacht armtha, agus chun tacú leis an obair leanúnach atá á déanamh ag an gCoimisiún. Bhreathnaigh COSI ar an ábhar i mí Eanáir 2022, agus chuir na Ballstáit leis an ullmhúchán a bhí á dhéanamh ag an gCoimisiún i dtaca leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le gáinneáil ar earraí cultúrtha a foilsíodh i mí na Nollag 2022[15]. Mar obair leantach, i mí na Bealtaine 2022, chuir an *Office Central de lutte contre le trafic des biens culturels (OCBC)* de chuid Phóilíneacht Choiriúil Náisiúnta na Fraince a chlár póilíneachta d'earraí cultúrtha i láthair agus chuir an Ísiltír a clár digiteach i láthair. Léirigh COSI tacaíocht fhorleathan maidir le hacmhainneacht an líonra CULTNET a neartú trí phointe teagmhála nó comhfhreagraí buan a chruthú chun tacú le stiúradh an líonra agus lena idirghníomhú le heintitis eile.

Le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, leagtar béim arís ar an ngá aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar earraí cultúrtha. Pléadh ag cruinniú neamhfhoirmiúil COSI faoi Uachtaránacht na Fraince an fhéidearthacht go ndéanfaí scrios agus gáinneáil ar scála nach bhfacthas riamh roimhe ar earraí cultúrtha na hÚcráine. Leagadh béim sa chruinniú ar na bearta éigeandála a d'fhéadfadh an tAontas a dhéanamh chun é sin a chosc, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt don 'Liosta Dearg Éigeandála' (atá le bunú ag Comhairle Idirnáisiúnta na Músaem i gcomhar le rialtas na hÚcráine), agus rinneadh breithniú freisin ar ordú sonrach a chur ar liosta na smachtbhannaí atá á gcur ar an Rúis. Pléadh na róil a d'fhéadfadh a bheith ag plean gníomhaíochta an Aontais i gcoinne na gáinneála ar earraí cultúrtha, an líonra CULTNET, agus gníomhaíocht oibríochtúil fheabhsaithe faoi EMPACT i ndáil leis sin.

Le linn Uachtaránacht na Seice, bhain COSI tairbhe as cur i láthair bhunachar sonraí Leonardo i gcoinne na gáinneála ar earraí cultúrtha a rinne Ceannasaíocht *Carabinieri* na hIodáile um Chosaint na hOidhreachta Cultúrtha. Faoi Uachtaránacht na Sualainne, glacadh Conclúidí ón gComhairle maidir le comhrac na gáinneála ar earraí cultúrtha i mí an Mheithimh 2023[16], bunaithe ar phlean gníomhaíochta an Aontais i gcoinne gáinneáil ar earraí cultúrtha a ghlac an Coimisiún i mí na Nollag 2022.

---

[15] 16107/22
[16] 10249/23



PUBLIC

### 4.4 Dúshláin Slándála Inmheánaí a bhaineann leis an imirce

I mí an Mhárta 2022, d'eagraigh Uachtaránacht na Fraince seimineár maidir le gné sheachtrach na himirce, a bhí ag teacht leis an bplé tosaigh maidir leis an ngné dhigiteach de smuigleáil imirceach a bhí ar siúl ag cruinniú COSI i mí na Samhna 2021. I mí na Bealtaine 2022, bhí malartú tuairimí ag na toscaireachtaí maidir le faireachán a dhéanamh ar bhearta oibríochtúla mar fhreagairt ar smuigleáil imirceach.

Faoi Uachtaránacht na Seice, thacaigh COSI le freagairt neartaithe ar an méadú ar ghníomhaíochtaí smuigleála imirceach in 2022. Thug COSI dá aire gur príomhghnéithe den chomhrac i gcoinne smuigleáil imirceach iad pictiúr cuimsitheach faisnéise agus malartú faisnéise feabhsaithe leis na gníomhaithe ábhartha laistigh agus lasmuigh den Aontas, lena dtugtar aghaidh ar an ngné ilchoiriúil agus dhigiteach a bhaineann le smuigleáil imirceach, chomh maith le cineál foréigneach na líonraí smuigleála, gné atá ag dul in olcas. Cuireadh torthaí an phlé sin faoi bhráid na Comhairle i mí na Nollag 2022.

I mí Mheán Fómhair 2022, rinne COSI, arna atreisiú ag an Meitheal um Ghnéithe Seachtracha de Thearmann agus Imirce (EMWP), plé ar bhealach iomlánaíoch ar na dúshláin a bhaineann leis an imirce agus leis an tslándáil inmheánach feadh Bhealach an tSíoda. Chuir na Ballstáit i dtreis go bhfuil staid na himirce ag athrú agus go bhfuil sé fíorthábhachtach go mbeadh léargas maith faisnéise ann ar an staid fhoriomlán, ag díriú ar líonraí gáinneála a d'fhéadfadh leas a bhaint as sreabha imirce feadh an bhealaigh sin. Chuir na Ballstáit i dtábhacht go n-éilíonn cur chuige cuimsitheach i leith na himirce agus/nó bagairtí slándála ábhartha a chosc ní hamháin dearcadh inmheánach, ach dearcadh seachtrach agus caidreamh feidhmiúil leis na tíortha feadh an bhealaigh freisin. Chuir siad chun suntais freisin na dúshláin a bhaineann le bealaí sonracha imirce, go háirithe an imirce ón Afganastáin agus ó na Balcáin Thiar.

PUBLIC

## 5. FRITHSCEIMHLITHEOIREACHT

Faoin bhfoireann trí Uachtaránacht, lean COSI de thosaíocht a thabhairt don fhrithsceimhlitheoireacht agus thug sé treoir straitéiseach don chomhar oibríochtúil chun cabhrú leis an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac ar leibhéal an Aontais.

### 5.1 Measúnuithe ar bhagairtí sceimhlitheoireachta

Gach seimeastar, formhuiníonn COSI moltaí a eascraíonn as measúnú an Aontais ar bhagairtí i réimse na frithsceimhlitheoireachta, rud a nuashonraítear go rialta, bunaithe ar an anailís staide a rinne Europol agus EU INTCEN araon. Léirítear sna moltaí, a d'fhormhuinigh COSI i mí na Bealtaine 2023, na torthaí a fuarthas roimhe seo ina dtuairiscítear nach bhfuil aon athrú ar an leibhéal bagartha san Aontas, agus béim á leagan ag an am céanna ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar gach cineál antoisceachais fhoréignigh agus sceimhlitheoireachta, agus an deighilt mhéadaitheach sa tsochaí á cur san áireamh. Cumhdaítear leis na moltaí freisin na bagairtí meántéarmacha agus fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar chogadh foghach na Rúise san Úcráin agus an bhagairt mhéadaitheach ó antoisceachas foréigneach na heite deise.

Maidir le hantoisceachas foréigneach na heite deise, thug COSI dá aire le linn an chruinnithe a bhí aige i mí na Bealtaine 2023 i ndáil leis an measúnú a rinne an Mheitheal um Sceimhlitheoireacht agus d'fhormhuinigh sé nuashonrú ar na snáitheanna oibre chun treoir a thabhairt do na hiarrachtaí leanúnacha chun dul i ngleic leis an mbagairt sin.

### 5.2 Trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta agus Córas Faisnéise Schengen (CFS)

Is é CFS an córas comhroinnte faisnéise is mó atá ar fáil d'údaráis forfheidhmithe an dlí chun críche slándála agus bainistithe teorainneacha san Eoraip. Faoin bhfoireann trí Uachtaránacht a bhí ann roimhe seo, formhuiníodh próiseas chun meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis ó thríú páirtithe nó ó Bhallstáit, a d'fhéadfaí a chur isteach, maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil amhras fúthu gur sceimhlitheoirí jiohádacha iad (Trodaithe Sceimhlitheoireachta Eachtracha). Rinneadh athbhreithniú ar an gcur chuige comhordaithe sin tar éis dhá bhliain ag cur san áireamh an taithí phraiticiúil a bailíodh chun é a ailíniú le Rialachán leasaithe Europol agus le Rialachán leasaithe Póilíneachta CFS. Bunaithe ar an obair a rinneadh sa Mheitheal um Sceimhlitheoireacht, d'fhormhuinigh COSI cur chuige comhordaithe athbhreithnithe i mí Feabhra 2023.

### 5.3 An radacú a chomhrac

Tar éis iarraidh a fháil ón gComhairle Eorpach in 2020 maidir le feabhas a chur ar bhearta chun radacú a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar idé-eolaíochtaí na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, bhí cur i gcoinne an radacaithe ina phríomhthosaíocht faoi Uachtaránacht na Fraince, agus COSI ag gníomhú mar fhóram chun go roinnfidh na Ballstáit a dtaithí agus a ndea-chleachtais sa réimse sin. Phléigh na Ballstáit bearta náisiúnta, lena n-áirítear bearta reachtacha, chun radacú a chosc[17], agus ullmhúcháin do chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le haghaidh a thabhairt ar ábhair sceimhlitheoireachta a bheith á scaipeadh ar líne. Leagadh béim ar na réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu, lena n-áirítear an gá atá le tuilleadh taighde allamuigh a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar éiceachórais an radacaithe agus chun a áirithiú go mbeidh an t-oideachas agus an oiliúint reiligiúnach i gcomhréir le cearta bunúsacha agus le luachanna Eorpacha. Leagadh béim freisin ar dheacrachtaí maidir le hantoiscigh fhoréigneacha na heite deise agus ábhar amhrasach a aithint. Pléadh roinnt uirlisí agus tionscnamh atá ar fáil do na Ballstáit, lena n-áirítear Mol Eolais an Aontais Eorpaigh chun beartas an Aontais a neartú chun radacú a bhfuil antoisceachas foréigneach agus sceimhlitheoireacht mar thoradh air a chosc agus a chomhrac, rud atá á chur ar bun ag an gCoimisiún faoi láthair. Chuir na Ballstáit in iúl go dtacaíonn siad le bunú Mhol Eolais an Aontais Eorpaigh chun tacú lena riachtanais oibríochtúla trí thosaíochtaí a shocrú.

Bhí cur i gcoinne an radacaithe ina phríomhthéama freisin ag COSI neamhfhoirmiúil faoi Uachtaránacht na Fraince, inar chuala na Ballstáit fianaise ó bheirt d'íospartaigh an radacaithe, agus tugadh cur i láthair dóibh maidir le héiceachórais antoisceacha a chomhrac, rud a bhfuil ról acu i radacú na bpobal Moslamach agus antoiscigh fhoréigneacha na heite deise.

Rinne COSI faireachán freisin ar an bPlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta agus ar a chur chun feidhme agus d'fhormheas sé i mí na Bealtaine 2022 an nós imeachta simplithe le haghaidh seiceálacha slándála feabhsaithe ar dhaoine a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha an Aontais nó a thrasnaigh iad tar éis an mhéid a thit amach san Afganastáin'.

[17] 9997/22

# 6. AN NASC IDIR AN tSLÁNDÁIL INMHEÁNACH-SHEACHTRACH A NEARTÚ

PUBLIC

Le blianta beaga anuas, tá gné thrasnáisiúnta ag baint le bagairtí slándála inmheánaí. Bagairtí a bhfuil gnéithe soiléire seachtracha ag baint leo is ea bagairtí hibrideacha agus cibearbhagairtí, radacú agus sceimhlitheoireacht, imirce neamhrialta arna héascú ag líonraí coiriúla agus an choireacht eagraithe. Dá bhrí sin, bhí plé ag COSI maidir leis an ngá atá leis an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach a chothú trí idirphlé neartaithe leis na comhpháirtithe ábhartha sa réimse sin. Agus cogadh ar siúl le hais theorainneacha seachtracha an Aontais, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar shlándáil inmheánach an Aontais, tá dlús as an nua curtha le práinn an chomhrá sin le linn na dtrí Uachtaránacht seo.

## 6.1 Comhar CGB/CBSC a chur ar Bhonn Foirmiúil

Cuireann CBSC ar chumas an Aontais Eorpaigh ról ceannasach a ghlacadh in oibríochtaí síochánaíochta, i gcosc coinbhleachtaí agus i neartú na slándála idirnáisiúnta. In 2018, tháinig na Ballstáit ar chomhaontú maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC, ina leagtar béim ar ghnéithe sibhialtacha mhisin CBSC agus arb é is aidhm dó acmhainneacht an Aontais a neartú chun an póilíní, an smacht reachta agus an riarachán sibhialta a threisiú i suíomhanna leochaileacha coinbhleachta trí chomhar níos fearr le hionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear gníomhaithe CGB[18]. Is céim bhunúsach i dtreo cur chuige inbhuanaithe fadtéarmach i leith shlándáil inmheánach an Aontais é an comhar a mhéadú idir CBSC sibhialtach atá dírithe go seachtrach, agus CGB atá dírithe go hinmheánach, ar dhá ghné ghaolmhara iad, ach iad ar leithligh, den nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach.

Rinneadh obair ar leibhéal COSI agus ar leibhéal Ghrúpa Tacaíochta COSI araon i ndáil leis sin. I mí Aibreáin 2022, tionóladh dhá chruinniú neamhfhoirmiúla den Choiste um Ghnéithe Sibhialtacha den Bhainistíocht ar Ghéarchéimeanna (CIVCOM) i gcomhar le Grúpa Tacaíochta COSI agus é de rún acu dul chun cinn a dhéanamh leis na mionchomhaid choincheapa do mhisin shibhialtacha CBSC a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe. Is iad na mion-choincheapa sin is bunús le freagairt níos leithne chun dul i ngleic le dúshláin slándála i gcomhréir le comhshocrú sibhialtach CBSC. Pléadh ag an gcruinniú mion-choincheapa a bhaineann leis an oidhreacht chultúrtha, dúshláin slándála a bhaineann leis an imirce neamhrialta, an chibearshlándáil agus an chibearchoireacht agus an fhrithsceimhlitheoireacht, chomh maith leis an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc. Ina dhiaidh sin, threisigh Grúpa Tacaíochta COSI mion-choincheap breise maidir le tacaíocht shibhialtach CBSC chun stáit a óstáil sa chomhrac i gcoinne na coireachta comhshaoil agus lorg comhshaoil na bhfórsaí slándála inmheánaí a laghdú.

[18] 14305/18

Rinneadh comhar CGB/CBSC a neartú a thuilleadh i mí Feabhra 2023, nuair a tionóladh, faoi Uachtaránacht na Sualainne, cruinniú comhpháirteach de chuid COSI-PSC den chéad uair ó mhí Mheán Fómhair 2021. Bhí an cruinniú dírithe ar an ngá atá le comhar méadaithe idir CGB agus CBSC chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála lena mbaineann gné inmheánach agus sheachtrach araon agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine á chur san áireamh. Sainaithníodh roinnt uirlisí le haghaidh comhar feabhsaithe, lena n-áirítear an gá atá le comhphobal CGB, i gcomhréir lena shainordú, lena acmhainní agus lena riachtanais oibríochtúla, chun a ról i gComhshocrú Sibhialtach nua CBSC a mhéadú, chomh maith le misin CBSC a phleanáil agus a athbhreithniú. Ina dhiaidh sin, iarradh ar thoscairí Ghrúpa Tacaíochta COSI páirt a ghlacadh sa phlé ag CIVCOM maidir le misean sibhialtach CBSC a bhunú sa Mholdóiv[19], agus maidir le Comhshocrú Sibhialtach nua CBSC a comhaontaíodh i mí na Bealtaine 2023, lena gcuirfear feabhas ar ról ghníomhaithe CGB i misin CBSC[20].

PUBLIC

Faigheann COSI nuashonruithe go rialta chun aird a tharraingt ar réimsí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tacaíocht CGB do mhisin CBSC agus an obair a dhéanann na misin sin chun bagairtí slándála inmheánaí a chomhrac. Ar na misin leasa a bhaineann le COSI, tá EUCAP Niger, EUAM Ukraine agus Misean Comhpháirtíochta nua an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv. Tá misin CBSC rannpháirteach i bpleananna gníomhaíochta oibriúcháin EMPACT (gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, líonraí coiriúla ardriosca agus gáinneáil ar airm thine). I bhfianaise na taithí dearfaí, is dócha go lorgófar rannpháirtíocht bhreise sna misin éagsúla.

### 6.2 An comhar le tíortha nach baill de chuid an Aontais iad agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Faigheann COSI nuashonruithe maidir le forbairtí a bhaineann leis an tslándáil inmheánach agus leis an bpobal CGB i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus maidir leis an idirphlé leanúnach le tíortha, grúpaí tíortha agus eagraíochtaí ina leith sin. Thug COSI dá aire go bhfuil Stáisiúin Phóilíní de chuid na Síne Thar Lear i roinnt Ballstát, na conclúidí ó Chomhdháil Aireachta Idirnáisiúnta AE-MENA i Liospóin an 13 agus an 14 Feabhra 2023[21], agus dearbhú comhpháirteach 2022 idir an tAontas agus Coiste Mheiriceá Laidinigh um Shlándáil Inmheánach (CLASI)[22].

19 10790/23
20 9588/23
21 7052/23
22 6762/22

Fuair COSI an t-eolas is déanaí go rialta faoi chruinnithe na n-oifigeach sinsearach idir an tAontas Eorpach agus Interpol (SOMEI)[23]. I measc na n-ábhar ábhartha a cumhdaíodh sna cruinnithe sin le linn na dtrí Uachtaránacht bhí an cogadh san Úcráin, nósanna imeachta cosanta le haghaidh fógraí dearga, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus gáinneáil ar earraí cultúir.

PUBLIC

## 7. GNÍOMHAIREACHTAÍ CGB A CHOMHORDÚ

### 7.1 Líonra Gníomhaireachtaí CGB

Gach bliain, cuireann na gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a bhfuil cúraimí Uachtaránacht an Líonra Gníomhaireachtaí um Cheartas agus Gnóthaí Baile (JHAAN) orthu COSI ar an eolas faoina gcuid gníomhaíochtaí sa bhliain roimhe sin agus cuireann siad a dtosaíochtaí don bhliain dár gcionn i láthair. In 2022, thíolaic Frontex tuarascáil gníomhaíochta na bliana 2021. Agus é ag ceiliúradh an líonra sin a bheith deich mbliana ar an bhfód, bhain COSI leas as sin mar dheis chun meastóireacht a dhéanamh ar obair an líonra agus moltaí a dhéanamh. Ag tús 2023, thug COSI dá aire tuarascáil bhliantúil 2022 a thíolaic CEPOL agus tosaíochtaí uachtaránacht líonra Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) le haghaidh 2023, lena n-áirítear digitiú, an Comhaontú Glas, soláthar faisnéise i gcásanna imirce measctha, cibearshlándáil agus cumarsáid agus cur chun cinn JHAAN[24].

### 7.2 Gníomhaíochtaí aonair ghníomhaireachtaí CGB

Chuir gníomhaireachtaí CGB COSI ar an eolas go rialta faoina ngníomhaíochtaí aonair. Ar na hábhair a tugadh faoi deara in COSI, áirítear an t-athbhreithniú ar shainordú Europol, toradh chruinniú bliantúil líonra na gComhfhoirne um Imscrúdú ag Eurojust an 5 agus an 6 Deireadh Fómhair 2022[25], agus conclúidí Choinbhinsiún Eorpach na gCeannairí Póilíneachta ag Europol an 4 agus an 5 Deireadh Fómhair 2022. Thug COSI dá aire freisin cur i láthair ó CEPOL maidir le Measúnú ar Riachtanais Oiliúna Straitéisí an Aontais (EU-STNA), lena bhféachtar le tosaíochtaí oiliúna straitéiseacha agus ar leibhéal an Aontais a shainiú don phobal um fhorfheidhmiú an dlí do 2022-2025, agus ó Frontex maidir le feidhmiú na n-ionad réigiúnach faisnéise muirí.

---

23 8370/23, 14860/22, 10220/22
24 5608/23
25 16201/22